AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.4.2023
COM(2023) 180 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

ar fheidhmiú na socruithe maidir le cigireachtaí ar acmhainní dílse traidisiúnta (2019-2021) de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh

Staid mhionsonraithe na gcásanna maidir le sárú i réimse na n-acmhainní dílse traidisiúnta.

- Cás 2021/2081 a bhaineann leis an Rómáin: Meastar go bhfuil an Ballstát faoi dhliteanas airgeadais i leith caillteanais acmhainní dílse traidisiúnta a tharla sa Ghearmáin mar thoradh ar urscaoileadh calaoiseach 126 nós imeachta idirthurais ag custaim na Rómáine. Sheol an Coimisiún an litir fógra fhoirmiúil an 12/11/2021.

- Cás 2020/2235 a bhaineann leis an tSlóvaic: Meastar go bhfuil an Ballstát faoi dhliteanas airgeadais i leith caillteanais acmhainní dílse traidisiúnta a tharla sa Ghearmáin mar thoradh ar urscaoileadh calaoiseach 216 nós imeachta idirthurais ag custaim na Slóvaice. Sheol an Coimisiún an litir fógra fhoirmiúil an 18/2/2021. Chuir an Ballstát an phríomhshuim ar fáil faoi fhorchoimeádas an 30/10/2017, ach diúltaíonn sé an t-ús a iarradh an 22/12/2017 a íoc.

- Cás 2018/2351 a bhaineann leis an bPolainn: Meastar go bhfuil an Ballstát faoi dhliteanas airgeadais i leith caillteanais acmhainní dílse traidisiúnta a tharla sa Ghearmáin mar thoradh ar urscaoileadh calaoiseach 333 nós imeachta idirthurais ag custaim na Polainne. Sheol an Coimisiún an litir fógra fhoirmiúil an 14/05/2020. Chuir an Ballstát an phríomhshuim ar fáil faoi fhorchoimeádas an 23/12/2021.

- Cás Uimh. 2017/2001 a bhaineann leis an mBeilg: Dhiúltaigh an Ballstát acmhainní dílse traidisiúnta a chur ar fáil i gcásanna ina ndearnadh dleachtanna custaim a aisíoc nó a loghadh le haghaidh allmhairí lasmuigh den tréimhse a shainítear i gCinneadh REM 28/01 ón gCoimisiún agus/nó lasmuigh den mhoill ar iarrataí ar aisíocaíocht nó ar loghadh i gCód Custaim an Chomhphobail. Sheol an Coimisiún an litir fógra fhoirmiúil an 19/7/2018 agus litir fógra fhoirmiúil bhreise an 18/2/2021. Íocadh an phríomhshuim i mí na Samhna 2021.

- Cás Uimh. 2015/2121 a bhaineann leis an mBeilg: Dhiúltaigh an Ballstát cúiteamh a thabhairt i gcaillteanas acmhainní dílse traidisiúnta a tharla mar thoradh ar a mhainneachtain méid dleachtanna custaim a eascraíonn as idirthuras calaoiseach a aisghabháil. Sheol an Coimisiún an litir fógra fhoirmiúil an 19/7/2018 agus an tuairim réasúnaithe an 25/7/2019. Íocadh an phríomhshuim an 3/12/2021. Tá plé fós ar siúl maidir le méid príomhshuime gan íoc atá nasctha le cur i bhfeidhm mícheart an ráta coinneála (costais bhailithe).

- Cás Uimh. 2017/2154 a bhaineann leis an mBeilg: Dhiúltaigh an Ballstát acmhainní dílse traidisiúnta a chur ar fáil toisc nár aisghabhadh an difríocht i ndleachtanna custaim a bhí dlite i gcásanna inar ghlac a údaráis le Faisnéis Taraife Cheangailteach le haghaidh gairleog leasaithe in ionad gairleog úr, rud nach bhfuil i gcomhréir le Cód Custaim an Chomhphobail. Sheol an Coimisiún an litir fógra fhoirmiúil an 9/11/2018. Íocadh an phríomhshuim an 7/11/2019 agus íocadh an t-ús an 30/6/21. Dúnadh an cás an 6/4/2022.

Cásanna cúirte

- Cás C-213/19 a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe: Ní dhearna an Ríocht Aontaithe bearta iomchuí chun cosc a chur ar líon ard allmhairí de theicstílí agus coisbhearta ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar léir iad a bheith measta faoi bhun luacha. Mar gheall air sin, cailleadh suim ollmhór d'acmhainní dílse traidisiúnta a dhiúltaigh an Ríocht Aontaithe a chur ar fáil. Rinne an Coimisiún a iarratas a thaisceadh leis an gCúirt an 8/3/2019 agus thug an Chúirt a breithiúnas an 8/3/2022 i bhfabhar an Choimisiúin. Faoi mhí Feabhra 2023, chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil na suimeanna ar fad a bhí dlite (EUR 1,57 billiún i bpríomhshuim agus EUR 1,4 billiún in ús).

- Cás C-304/18 a bhaineann leis an Iodáil: Dhiúltaigh an Ballstát cúiteamh a thabhairt i gcaillteanas na n-acmhainní dílse a tharla mar gheall ar easpa beart leordhóthanach chun méid dleachtanna custaim a suíodh agus a iontráladh sna cuntais a aisghabháil. Tá an cás sin nasctha leis an gcás díscríofa IT(07)08-917 maidir le smuigleáil toitíní. Chuir an Coimisiún a iarratas faoi bhráid na Cúirte an 7/5/2018. Luaigh an Chúirt an sárú ina breithiúnas an 11/7/2019. Dheimhnigh sí go bhfuil na cinntí custaim a glacadh in-fhorfheidhmithe láithreach ag na húdaráis chustaim agus nach bhfuil taisceadh achomhairc ina chúis le forghníomhú cinnidh den sórt sin a fhionraí. Íocadh an phríomhshuim. An litir inar iarradh íocaíocht an úis, seoladh í i mí Iúil 2022.

- Cás C-395/17 a bhaineann leis an Ísiltír: Dhiúltaigh an Ballstát cúiteamh a thabhairt i gcaillteanas na n-acmhainní dílse a tharla mar gheall ar dheimhnithe EUR.1 a d'eisigh Cúrasó agus Arúba go míchuí, ar críocha iad atá faoina cheannasacht. Chuir an Coimisiún a iarratas faoi bhráid na Cúirte an 5/7/2017. I mbreithiúnas na Cúirte an 31/10/2019, dheimhnigh an Chúirt dliteanas na hÍsiltíre. Íocadh an phríomhshuim in 2019 agus, tar éis soiléirithe breise, íocadh an t-ús in 2023.

- Cás C-391/17 a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe: Dhiúltaigh an Ríocht Aontaithe cúiteamh a thabhairt i gcaillteanas na n-acmhainní dílse a tharla mar gheall ar dheimhnithe a d'eisigh Angaíle go míchuí, ar críocha í atá faoina ceannasacht. Chuir an Coimisiún a iarratas faoi bhráid na Cúirte an 3/7/2017. I mbreithiúnas na Cúirte an 31/10/2019, dheimhnigh an Chúirt dliteanas na Ríochta Aontaithe maidir leis an sárú. Íocadh an phríomhshuim an 5 Bealtaine 2020 agus íocadh an t-ús an 26 Feabhra 2021. Dúnadh an cás an 9/2/2022.